OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Polasaithe agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures**

| | |
|---|---|
| **Cód** | QA073 |
| **Teideal** | Creat Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (Feidhmíocht Fhorásach) – Nós Imeachta |
| **Úinéir an Pholasaí** | An Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Dáta** | 28 Meitheamh 2023 |
| **Ceadaithe ag** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile & Údarás na hOllscoile |

**Clár na nÁbhar**


1. Forléargas
2. Sannadh Athbhreithneoirí
3. Coinbhleacht Leasa
4. Cruinnithe Athbhreithnithe
    - 4.1 Freastal ar chruinnithe Athbhreithnithe
    - 4.2 Am agus ionad an chruinnithe Athbhreithnithe
    - 4.3 Ag ullmhú don chruinniú
    - 4.4 Leagan amach an chruinnithe Athbhreithnithe
5. Foirmeacha Bainistíochta Feidhmíochta a choinneáil
6. Róil agus Freagrachtaí
7. Athbhreithniú ar an gCreat

1. **Forléargas ar an Nós Imeachta**

Leagann an cháipéis seo amach an nós imeachta agus an t-eolas praiticiúil chun an creat 'Feidhmíocht Fhorásach' de chuid na hOllscoile a chur i bhfeidhm. Cabhróidh an cháipéis nós imeachta seo le bainisteoirí agus le fostaithe an bealach a n-oibreoidh an creat a thuiscint.

2. **Sannadh Athbhreithneoirí**

Beidh Athbhreithneoir ag gach fostaí atá taobh istigh de scóip an chreata seo. De ghnáth is é an tAthbhreithneoir seo an Bainisteoir Líne díreach atá ag an bhfostaí.
Cuirfidh Ceannaire gach Aonaid/Scoile Eagraíochtúil gach Athbhreithní laistigh dá n-aonad ar an eolas faoin Athbhreithneoir atá sannta dóibh ar a laghad 4 seachtaine sula dtosóidh an timthriall athbhreithnithe bliantúil. Is iondúil gur bainisteoir líne an chomhalta foirne a bheidh i gceist leis seo.
Más rud é ar chúis bhailí (go hiondúil nuair a bhíonn saincheist leanúnach AD ann, nó nuair a bhíonn líon mór fostaithe sannta do bhainisteoir líne) seachas coinbhleacht leasa, féadfar Athbhreithneoir eile a shannadh d'Athbhreithní. Ba chóir don Cheann Scoile, Déan an Choláiste, an Bainisteoir Líne, é seo a phlé leis an gComhpháirtí Gnó AD, nó leis an mBainisteoir Sinsearach AD.

3. **Coinbhleacht Leasa**

Ní shannfar Athbhreithneoir d'Athbhreithní i gcás a bhfuil coinbhleacht leasa díreach i gceist. Is éard is coinbhleacht leasa ann ná sraith imthosca, caidrimh nó imeachtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar oibiachtúlacht an Athbhreithneora a chiallódh go gcaithfidís leis an Athbhreithní ar bhealach níos fabhraí nó ar bhealach níos mífhabhraí ná mar a chaithfeadh murach, mar shampla caidreamh teaghlaigh, trí phósadh (sibhialta nó an dlí coiteann) nó páirtnéireacht shibhialta, trí aon chaidreamh rómánsúil nó gnéasach, reatha nó san am a chuaigh thart, nó trí aon choinbhleacht thromchúiseach phearsanta nó ghairmiúil, leis an Athbhreithní. Tá treoir le fáil freisin maidir le coinbhleacht leasa i bpolasaí QA 413 maidir le coinbhleacht leasa .
Sa chás go measann an tAthbhreithní go bhfuil coinbhleacht leasa ag an Athbhreithneoir beartaithe, ní mór don Athbhreithní a Cheannaire a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir agus laistigh de choicís ar a mhéid ón uair a chuirtear an tAthbhreithneoir atá beartaithe in iúl dó/di. Sa chás go bhfuil coinbhleacht leasa ann leis an gCeann Aonaid Eagraíochtúil, ba cheart don Athbhreithní Bainisteoir Líne díreach an Chinn Aonaid a chur ar an eolas taobh istigh de choicís ón bhfógra.
Nuair a chuireann Athbhreithní Ceann Aonaid nó Bainisteoir Líne ar an eolas faoi choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann lena nAthbhreithneoir beartaithe, cinnfidh siad an bhfuil coinbhleacht ann i ndáiríre, ina t(h)uairim, agus más amhlaidh go bhfuil, sannfaidh sé/sí Athbhreithneoir cuí eile tar éis dul i gcomhairle leis an Athbhreithneoir sin. Cuirfear an tAthbhreithní ar an eolas laistigh de sheachtain ón uair a shannfar Athbhreithneoir eile nó faoi na cúiseanna nach gá Athbhreithneoir a athrú mar gheall ar a bhfuil sa choinbhleacht leasa a cuireadh in iúl.
Má tá an tAthbhreithní fós cinnte go bhfuil coinbhleacht leasa ann, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig an mball den UMT a bhaineann leo. Má tá cinneadh déanta cheana féin ag an duine seo sa chás céanna déanfar an t-achomharc chuig ball eile den UMT, a chinnfear trí theagmháil a dhéanamh leis an gComhpháirtí AD ábhartha a ardóidh é leis an Stiúrthóir AD. Déileálfar le hachomhairc den sórt sin laistigh de sheachtain, agus beidh cinneadh an bhaill UMT maidir le hAthbhreithneoir cuí críochnaitheach. Más le ball den UMT a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, déanfar an t-achomharc chuig an Uachtarán, agus i gcás coinbhleacht leasa leis an Uachtarán, chuig Cathaoirleach Údarás na hOllscoile.


4. **Cruinnithe Athbhreithnithe**

### 4.1 Freastal ar chruinniú Athbhreithnithe

I ngnáthchúinsí is iad an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní amháin a fhreastalaíonn ar chruinniú feidhmíochta.

### 4.2 Am agus ionad an chruinnithe Athbhreithnithe

Nuair a bheidh an chéad chruinniú ann ina n-aontaítear cuspóirí agus spriocanna, ansin tionólfar cruinnithe athbhreithnithe ina dhiaidh sin faoi dhó sa bhliain, trí athbhreithniú i lár na bliana, agus athbhreithniú deiridh bliana. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm leanúnach an chreata, ba cheart an cruinniú athbhreithnithe chun spriocanna/cuspóirí a leagan síos a bheith ar siúl idir Aibreán agus Meitheamh gach bliain. Mar sin féin, toisc go bhfuil an creat á thosú i Meán Fómhair 2023, ba cheart an chéad chruinniú athbhreithnithe a bheith ar siúl idir Meán Fómhair 2023 agus Nollaig 2023, agus ansin athbhreithniú sa tréimhse Aibreán go Meitheamh 2024 nuair a dhéanfar spriocanna/cuspóirí don bhliain iomlán a leagan síos agus beidh siad ar siúl go bliantúil ina dhiaidh sin. Bheadh socruithe mar sin i bhfeidhm nuair a thosaíonn comhalta foirne nua san aonad/sa scoil i rith na bliana. Seolfaidh an tAonad Acmhainní Daonna meabhrúcháin trí ríomhphost chuig an bhfoireann ar fad ionas go mbeidh fostaithe agus bainisteoirí ar an eolas faoi na frámaí ama gach bliain.
Rachaidh an tAthbhreithneoir i dteagmháil le gach duine dá (h)Athbhreithnithe sannta roimh thús an timthrialla athbhreithnithe chun na cruinnithe a eagrú. Léireoidh an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní araon solúbthacht chun am oiriúnach a aimsiú don chruinniú. Ba chóir go dtarlódh an cruinniú in áit chiúin phríobháideach gan aon chur isteach, go hidéalach ar an gcampas. Murar féidir teacht le chéile ar aon láthair amháin, féadfar an cruinniú a reáchtáil go cianda thar fhíschomhdháil neamhthaifeadta.




### 4.3 Ag ullmhú don chruinniú Athbhreithnithe

Tá roinnt acmhainní d'athbhreithneoirí agus d'athbhreithnithe araon ar fáil ar leathanach gréasáin AD chun cabhrú le hullmhú don chruinniú Athbhreithnithe.
Beidh an plé ag an gcruinniú athbhreithnithe bunaithe ar Fhoirm Athbhreithnithe don Fheidhmíocht Fhorásach chomhlánaithe. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

1. Sonraí an Athbhreithnithe

2. Athbhreithniú ar spriocanna agus cuspóirí na bliana seo caite
3. Cuspóirí na bliana seo a leagan síos
4. Forbairt (go dtí seo & don bhliain atá le teacht)

Seachtain amháin ar a laghad roimh an gcruinniú athbhreithnithe, comhlánóidh an tAthbhreithní a gcodanna den Fhoirm Athbhreithnithe agus seolfaidh sé/sí chuig an Athbhreithneoir í, faoi dháta comhaontaithe, roimh an gcruinniú.

Roimh dháta an chruinnithe athbhreithnithe léifidh agus breithneoidh an tAthbhreithneoir an Fhoirm Athbhreithnithe a chuir an tAthbhreithní isteach. I gcás comhaltaí acadúla, cuirfidh sé seo ar chumas an Athbhreithneora athbhreithniú a dhéanamh ar a ngnóthachtálacha ó thaobh aschuir taighde, gabháil deontais taighde, stiúradh mic léinn PhD, teagasc modúil, etc. Dá rogha féin, agus mar ullmhúchán don chruinniú, féadfaidh an tAthbhreithneoir dréachtú a dhéanamh ar thuairimí tosaigh roimh an gcruinniú.

Ba chóir d'athbhreithnithe ar comhaltaí foirne acadúla iad gníomhaíochtaí a liostú faoi na ceannteidil Teagasc agus Foghlaim; Taighde, Léann, agus Nuálaíocht; agus Ceannaireacht agus Cion Oibre. Beidh an tAthbhreithneoir ar an eolas faoi cibé an Cineál A an tAthbhreithní (60:20:20 trasna T&F, TL&N, agus C&CO) nó Cineál B (40:40:20). Críochnóidh an tAthbhreithneoir a c(h)odanna leis an Athbhreithní ag an gcruinniú athbhreithnithe.

Seachas nuair a bhíonn fostaithe ar Promhadh, tugann gach fostaí faoi athbhreithniú ar Fheidhmíocht Fhorásach. Tabhair faoi deara, fad a bhíonn fostaithe ar Promhadh bainisteofar iad agus tacófar leo faoin bPolasaí Promhaidh (sonraítear frámaí ama sonracha Promhaidh i ngach conradh fostaíochta nuair is infheidhme).

I gcás an lucht Acadúil beidh múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre na scoile ar fáil agus ba chóir é a úsáid. Cuirfidh sé seo ar chumas an Athbhreithneora athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha ó thaobh aschur taighde, gabháil deontais taighde, stiúradh mic léinn PhD, teagasc modúil, etc.

Ba cheart d'athbhreithnithe ar comhaltaí foirne tacaíochta gairmiúla iad, lena n-áirítear foireann ghairmiúil riaracháin agus foireann theicniúil a ngníomhaíochtaí a liostú de réir na bpríomhréimsí dá róil agus dá bhfreagrachtaí.

I gcás Athbhreithnithe ar comhaltaí foirne Taighde iad ba chóir dóibh na gníomhaíochtaí a liostú de réir chuspóirí agus spriocanna a dtionscadal taighde.

### 4.4 Leagan amach an Chruinnithe Athbhreithnithe

Cuirfidh an tAthbhreithneoir tús leis an gcomhrá trí thimpeallacht dhearfach thacúil a chruthú agus fáilte a chur roimh an Athbhreithní, é/í a chur ar a suaimhneas agus míniú a thabhairt ar thábhacht agus ar thairbhí an phróisis athbhreithnithe. Cuirfidh an tAthbhreithneoir in iúl gur mian leo gur comhrá déthreo a bheidh anseo. Tabharfaidh an tAthbhreithneoir forléargas don Athbhreithní ar an méid a phléifear le chéile; lena n-áireofar de ghnáth na cuspóirí agus na héachtaí thar an tréimhse shonraithe, aon chonstaicí a d'fhéadfadh cur isteach ar thorthaí níos fearr a bhaint amach agus deiseanna le haghaidh tuilleadh forbartha.

Iarrfaidh an tAthbhreithneoir ansin ar an Athbhreithní na cuspóirí feidhmíochta atá leagtha síos acu ag tús na tréimhse seo a phlé agus iarrann sé/sí orthu a bhfuil bainte amach acu maidir le gach cuspóir a liostú. Ansin cuirfidh an tAthbhreithneoir a p(h)eirspictíocht ar fáil le samplaí sonracha (rath/dúshláin/deiseanna feabhsúcháin).

Tugann an tAthbhreithneoir cuireadh don Athbhreithní a dtuairimí ar a láidreachtaí a roinnt. Tugann an tAthbhreithneoir aitheantas agus samplaí sonracha inar thug sé/sí na buanna seo faoi deara.

Tugann an t-athbhreithneoir aiseolas ar a f(h)eidhmíocht agus oibríonn siad le chéile chun na gníomhaíochtaí seo a fheabhsú nó leanúint ar aghaidh leo ag brath ar an gcineál aiseolais. Spreagann an t-athbhreithneoir an t-athbhreithní chun machnamh a dhéanamh ar a g(h)níomhaíochtaí agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh sé/sí feabhsú tuilleadh i réimse ar leith amach anseo.

Pléifidh an tAthbhreithneoir cuspóirí na hOllscoile agus/nó cuspóirí na Scoile/an Aonaid fad a bhaineann siad le ról agus le gairm an Athbhreithní. Pléifidh an tAthbhreithneoir plean na Scoile/an Aonaid leis an Athbhreithní i gcomhthéacs feidhmíochta ón athbhreithniú roimhe seo. Sa chomhthéacs seo, cinnfidh an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní, trí phlé, roinnt cuspóirí agus spriocanna don Athbhreithní don bhliain atá le teacht. Déanfar plé ar a bhfuil le baint amach agus conas atá sé le baint amach (ag tagairt do luachanna Ollscoil na Gaillimhe). Déanfaidh an tAthbhreithneoir leasú ar an gcuid seo den fhoirm athbhreithnithe don Fheidhmíocht Fhorásach le linn an chruinnithe (d'fhéadfadh na cuspóirí a dhréachtaigh an tAthbhreithní roimhe seo a bheith luaite ann) chun cuspóirí comhaontaithe a léiriú.

Forbairt – Déanfaidh an tAthbhreithneoir tuairimí a roinnt faoin gcaoi ar fhorbair an tAthbhreithní thar thréimhse an athbhreithnithe. Pléifidh an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní freisin ardmhianta gairme fadtréimhseacha an Athbhreithní agus féadfaidh sé/sí treoir a thabhairt maidir le deiseanna agus riachtanais forbartha. Iarrfaidh an tAthbhreithneoir moltaí ón Athbhreithní maidir leis an tacaíocht is féidir leis an Athbhreithneoir a thairiscint chun cabhrú leis/léi a c(h)uid cuspóirí gairme a bhaint amach. Cuimhnigh gur deis iontach é seo don athbhreithneoir a bheith ina eiseamláir chun aiseolas a lorg.
Tá gach athbhreithní freagrach as a f(h)orbairt féin a thiomáint go gníomhach trí chuspóirí agus deiseanna forbartha a aithint agus an tacaíocht a theastaíonn uaidh/uaithi ón athbhreithneoir a phlé.
Is féidir forbairt a dhéanamh ar ról reatha an athbhreithní nó ar dheiseanna amach anseo.
Ba cheart go dtuigfeadh an t-athbhreithneoir láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin an athbhreithní chun barr a c(h)umais a bhaint amach agus tacú leis/léi a d(h)ícheall a dhéanamh i gcónaí ina ról reatha agus oibriú i dtreo a spriocanna gairme.
Ba chóir go n-oibreodh an t-athbhreithneoir leis an athbhreithní chun an chuid seo den fhoirm a chomhlánú agus moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar féidir leis/léi forbairt ina réimsí riachtanas agus/nó spéise.
Is é toradh an chruinnithe athbhreithnithe

(a) ionchais bainte amach nó

(b) tá feabhas ag teastáil

Níl aon scór i gceist.

Go hiondúil síníonn an tAthbhreithneoir an fhoirm athbhreithnithe don Fheidhmíocht Fhorásach nuair atá sí comhlánaithe agus aontaithe, agus ansin tugtar chun críche í mar thuarascáil athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Fhorásach. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith cuí tréimhse ghearr mhachnaimh a thabhairt sula sínítear an fhoirm, agus sa chás go dtoilíonn an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní go dtarlódh sé seo ba chóir í a thabhairt chun críche laistigh de sheachtain oibre.
Ba cheart an fhoirm a shábháil go háitiúil ar bhealach slán.

## 5. Foirmeacha Bainistíochta Feidhmíochta a choinneáil

Beidh rochtain ag an Athbhreithní agus ag an Athbhreithneoir ar an tuarascáil athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Fhorásach don timthriall reatha. Chun a chinntiú go bhfuil cáilíocht an phróisis comhsheasmhach agus go ngníomhaítear ar na haschuir chomhaontaithe beidh an fhoirm chomhlánaithe chomhaontaithe inrochtana ag Bainisteoir Líne an Athbhreithneora chomh maith. Beidh rochtain ag an mball UMT ar thuarascálacha athbhreithnithe de réir mar is gá.
Coinníonn an tAthbhreithneoir an tuarascáil athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Fhorásach iomlán do gach Athbhreithní go dtí go gcríochnaítear an tuarascáil athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Fhorásach don bhliain dár gcionn, chun tagairt a dhéanamh do thuarascáil na bliana roimhe sin le linn an phróisis. Féadfaidh an tAthbhreithní, áfach, a f(h)oirmeacha comhlánaithe don Fheidhmíocht Fhorásach a choinneáil chomh fada agus a fhanann sé/sí fostaithe in Ollscoil na Gaillimhe, mar thaifead ar fhorbairt a g(h)airme.

6. **Rúndacht**

Tá an fhoirm seo faoi rún idir an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní agus is ag an dá pháirtí amháin atá sí coinnithe. Chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a sainaithníodh agus chun an oiliúint agus an tacaíocht scileanna gaolmhara a sholáthar, bainfidh an tAthbhreithneoir an t-eolas seo as an bhfoirm seo. Le toiliú sainráite an Athbhreithní, nuair is gá cuirfear an t-eolas seo faoi bhráid an Chinn Scoile, an Bhainisteora Aonaid nó an bhaill UMT chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí forbartha agus na bealaí is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu ag leibhéal na Scoile/an Aonaid.

**Róil agus Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| An Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Úinéir an Chreata. Freagrach as an iarratas, as monatóireacht agus as athbhreithniú. |
| Comhpháirtí Gnó AD/ Bainisteoirí Sinsearacha AD | Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'fhostaithe atá i mbun cruinniú athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Fhorásach. |
| An Bainisteoir Líne | A chinntiú go sanntar athbhreithneoir do gach comhalta foirne. |
| Cinn Aonaid/Scoile/Coláiste (AO agus os a chionn nó a chomhionann) | Freagrach as a chinntiú go bhfuil athbhreithniú bliantúil curtha i gcrích ag gach comhalta foirne le hathbhreithneoir saincheaptha. |
| Athbhreithneoir | Mar a thuairiscítear. |
| Athbhreithní | Mar a thuairiscítear. |
| Ball UMT | A chinntiú go gcuirtear an creat ar a súile do na bainisteoirí ar fad a mbaineann an cúram leo. |

**Athbhreithniú ar an gCreat**

Cuirfidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna tús le hathbhreithniú ar an gcreat nuair a bheidh 24 mí caite ón uair a chuirfear an creat i bhfeidhm nó níos luaithe ná sin, más gá, chun go n-áireofaí é sa mhodheolaíocht agus chun léargas ginearálta a thabhairt don bhainistíocht air.